C/2024/7267

3.12.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11717 – SUMITOMO / EEW HOLDING / EEW OFFSHORE WIND EU HOLDING)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/7267)

1. An 26 Samhain 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Sumitomo Corporation ('Sumitomo', an tSeapáin),

— DiScho Vermögensverwaltung GmbH & Co. KG (EEW Holding GmbH & Co. KG roimhe seo) ('EEW Holding', an Ghearmáin). Tá úinéireacht iomlán ag EEW Holding faoi láthair ar EEW Offshore Wind EU Holding, a bhfuil scaireanna aige in (i) EEW Special Pipe Constructions GmbH ('SPC'), (ii) AWS Schäfer Technologie GmbH ('AWS'), (iii) EEW Management Services GmbH ('MS'), agus (iv) EEW Offshore Wind Holding Komplementär GmbH ('EEW Komplementär'). Tugtar an 'Spriocghnóthas' ar EEW Offshore Wind EU Holding in éineacht le SPC, AWS, MS, agus EEW Komplementär.

Gheobhaidh Sumitomo agus EEW Holding rialú comhpháirteach ar an Spriocghnóthas ina iomláine de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc. Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta dhomhanda trádála agus infheistíochta é Sumitomo. Tá sé gníomhach i dtrádáil agus in infheistíocht i réimse gníomhaíochtaí gnó sa tSeapáin agus ar fud an domhain, lena n-áirítear cruach, gluaisteáin, iompar agus tógáil córas, forbairt uirbeach éagsúil, na meáin agus cúrsaí digiteacha, stíl mhaireachtála, acmhainní mianraí, réitigh cheimiceacha agus claochlú fuinnimh,

— Is comhpháirtíocht Ghearmánach a bhainistíonn sócmhainní é EEW Holding. Tá sé gníomhach, tríd an Spriocghnóthas, i dtáirgeadh aonphílí a úsáidtear i bhfeirmeacha gaoithe agus innealra chun píopaí (lena n-áirítear aonphílí) a tháirgeadh agus/nó a phróiseáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11717 – SUMITOMO / EEW HOLDING / EEW OFFSHORE WIND EU HOLDING

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË